Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Nollaig 2023
(OR. en)

16890/23

LIMITE

ENER 701
ECOFIN 1391

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0444(NLE)

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 16139/23 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2576 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena thréimhse feidhme<br>- Comhaontú polaitiúil |

## RÉAMHRÁ

1. An 28 Samhain 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2576 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena thréimhse feidhme[1].

2. Áirítear i Rialachán (AE) 2022/2576 ón gComhairle (an 'Rialachán maidir le Dlúthpháirtíocht') bearta sealadacha éigeandála arna gceapadh chun praghsanna arda fuinnimh a laghdú agus feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair gáis, tríd an méid seo a leanas: (i) dlúthpháirtíocht níos déine i gcás fíoréigeandála agus ganntanas sa soláthar gáis, (ii) comhordú níos fearr idir na Ballstáit, (iii) luaineacht sna praghsanna gáis agus leictreachais a theorannú, agus (iv) tagarmharcanna iontaofa a leagan síos do phraghsanna gáis.

3. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún síneadh bliain amháin a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Dlúthpháirtíocht go dtí an 31 Nollaig 2024.

[1] 16139/23

4. I bhfianaise na ndeacrachtaí leanúnacha a dhéanann difear do shlándáil an tsoláthair gáis san Aontas agus ós rud é nach bhfuil na margaí gáis agus na praghsanna gáis ar fud an domhain fós inchomparáide leis an tréimhse roimh an ngéarchéim, meastar nach mór do shíneadh spriocdhírithe mar sin a bheith teoranta ó thaobh ama de chun feabhas a chur ar dhlúthpháirtíocht agus chun déine na margaí gáis a laghdú.

PUBLIC

**<u>STAID NA hIMEARTHA</u>**

5. Scrúdaíodh an togra ag na cruinnithe a bhí ag an Meitheal um Fhuinneamh an 5, an 7 agus an 12 Nollaig 2023.

6. Agus barúlacha na mBallstát á gcur san áireamh, chuir an Uachtaránacht síos an chéad athbhreithniú ar an téacs[2] le haghaidh seisiún tuairimíochta ag an gcruinniú a bhí ag Coreper an 15 Nollaig 2023.

7. Ós rud é go raibh tromlach na mBallstát in ann glacadh leis an téacs athbhreithnithe, tá an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo á chur i láthair ag an Uachtaránacht anois d'fhonn teacht ar chomhaontú polaitiúil ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) a bheidh ar siúl an 19 Nollaig.

8. Rinneadh roinnt athruithe breise dlítheangeolaíocha agus stíle ar an téacs chun feabhas a chur air, lena n-áirítear na haithrisí comhionanna sna trí rialachán éigeandála a ailíniú.

9. Léirítear aon athrú ar an togra ón gCoimisiún le **cló trom** agus le ~~líne tríd~~. Léirítear na hathruithe nua a rinneadh le hais 16182/23 i **<u>gcló trom agus líne fúthu</u>** agus ~~le líne tríd agus faoi an téacs a scriosadh~~.

**<u>CONCLÚID</u>**

10. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh ar an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é, aon saincheist tharraing na toscaireachtaí anuas atá fós gan réiteach a phlé agus teacht ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán seo ón gComhairle.

---

[2] 16182/23

PUBLIC

**RIALACHÁN (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2576 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena thréimhse feidhme**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 122(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacadh Rialachán (AE) 2022/2576 ón gComhairle[3] i bhfianaise na géarchéime soláthair gáis a d'eascair as **cogadh foghach** ~~ionradh iomlán~~ gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin ~~i mí Feabhra 2022~~ agus a riachtanaí a bhí sé don Aontas freagairt trí bhearta sealadacha de mheon dlúthpháirtíochta i measc na mBallstát. Is é is aidhm don Rialachán an tionchar ar phraghas an gháis a mhaolú trí aghaidh a thabhairt ar an éileamh agus ar an soláthar, trí shlándáil an tsoláthair a áirithiú ar fud an Aontais ar fad, agus tríd an dlúthpháirtíocht a fheabhsú.

(2) Le Rialachán (AE) 2022/2576, soláthraítear creat dlíthiúil sealadach i ndáil le comhordú níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin gháis, bearta chun praghsanna iomarcacha gáis agus luaineacht iomarcach ionlae i margaí na ndíorthach fuinnimh a chosc, agus bearta **i gcás** ~~le haghaidh~~ éigeandáil gháis.

[3] Rialachán (AE) 2022/2576 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 lena bhfeabhsaítear an dlúthpháirtíocht trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin gháis, trí thagarmharcanna praghais iontaofa agus trí mhalartuithe gáis thar theorainneacha (IO L 335, 29.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2576/oj).

PUBLIC

(3) Bhí tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2576 teoranta ar dtús don 30 Nollaig 2023.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 30 de Rialachán (AE) 2022/2576, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán sin **agus d'eisigh sé tuarascáil ina ndéantar achoimre ar na príomhthorthaí an 28 Meán Fómhair 2023**~~, a bhfuil achoimre ar a thorthaí sa Tuarascáil ar phríomhthorthaí an athbhreithnithe ar an Rialachán an 28 Meán Fómhair 2023~~ ('an Tuarascáil')[4]. Thángthas ar an gconclúid sa Tuarascáil go raibh ról tábhachtach ag Rialachán (AE) 2022/2576 maidir le staid an mhargaidh gáis a chobhsú agus soláthar leordhóthanach gáis a áirithiú don Aontas, agus gur gné thábhachtach é de shraith uirlisí shlándáil an tsoláthair gáis san Aontas.

(5) Le Rialachán (AE) 2022/2576, **foráiltear do sheirbhís saoráide a chur ar bun go brostaithe lena gceadaítear comhiomlánú éilimh agus ceannach gáis comhpháirteach** ~~cuirtear ar bun ardán um chomhiomlánú éilimh~~ agus ceanglaítear ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go nglacfaidh gnóthais gáis nádúrtha agus gnóthais a ídíonn gás atá faoina ndlínse páirt sa phróiseas comhiomlánaithe éilimh a eagraíonn an soláthraí seirbhíse mar cheann de na modhanna féideartha chun na spriocanna líonta dá dtagraítear in Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], ~~arna leasú le Rialachán (AE) 2022/1032~~, a bhaint amach. Bhí na Ballstáit agus gnóthais gáis nádúrtha chomh maith le gnóthais a ídíonn gás rannpháirteach go héifeachtach sa sásra um chomhiomlánú éilimh agus ceannach comhpháirteach a cuireadh ar bun faoi Rialachán (AE) 2022/2576 (**'**AggregateEU**'**) agus rannchuidigh siad le comhiomlánú iomlán de 44,~~.~~04 **billiún méadar ciúbach** ~~bcm~~ den éileamh ar ghás a bhaint amach faoi mhí Dheireadh Fómhair 2023, arb ionann é agus níos mó ná trí oiread na méideanna sainordaitheacha le haghaidh comhiomlánú éilimh. Léiríonn sin gur léirigh rannpháirtithe sa mhargadh spéis mhór in 'AggregateEU'.

---

4 ~~COM/2023) 547 final.~~

5 Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 (IO L 280, 28.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1938/oj).

(6) Thángthas ar an gconclúid sa Tuarascáil gur chuir ~~an sásra~~ 'AggregateEU' deiseanna breise ar fáil do cheannaitheoirí Eorpacha gás a fháil ó sholáthróirí iontaofa ~~ar~~ **i n**d~~h~~álaí iomaíocha, chomh maith le trédhearcacht an mhargaidh maidir le héileamh agus soláthar, rud a chuidigh leis an luaineacht a laghdú sna margaí.

(7) A mhéid a bhaineann le rialacha formhaoirseachta margaidh, ceanglaítear le Rialachán (AE) 2022/2576 ar ionaid trádála ina dtrádáiltear díorthaigh tráchtearraí a bhaineann le fuinneamh, le haghaidh gach díorthach tráchtearraí a bhaineann le fuinneamh a thrádáiltear air, sásra bainistíochta luaineachta ionlae a chur ar bun bunaithe ar uasteorainn agus íosteorainn praghsanna (~~'teorainneacha praghsanna'~~) lena sainítear na praghsanna nach féidir orduithe a fhorghníomhú os a gcionn agus faoina mbun ('sásra bainistíochta luaineachta ionlae'). Dearbhaíodh sa Tuarascáil go mbíonn eachtraí luaineachta móire fós sna margaí gáis agus go bhféadfadh ról a bheith ag an sásra bainistithe luaineachta ionlae maidir le harduithe iomarcacha praghsanna a chosc agus maidir leis an margadh a chobhsú.

(8) De bhun Rialachán (AE) 2022/2576, ~~ceanglaítear~~ **beidh** ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) measúnuithe laethúla ar phraghsanna gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) agus tagarmharc laethúil GNL **a chur ar fáil agus** a fhoilsiú ar bhonn sonraí margaidh GNL maidir le hidirbhearta ~~ar cheart~~ **a bhaileoidh** agus **a dhéanfaidh ACER a phróiseáil** go córasach. Leis na measúnuithe ar phraghsanna GNL agus leis an tagarmharc GNL, cuireadh trédhearcacht níos fearr ar fáil don mhargadh, rud a chuir feabhas ar chumas ghníomhaithe an mhargaidh soláthairtí GNL a fháil ar phraghsanna iomaíocha. Dearbhaíodh sa Tuarascáil gur cruthaíodh go raibh na measún**uithe** ar phraghas GNL agus an tagarmharc GNL úsáideach chun an margadh a chobhsú.

PUBLIC

(9) Foráiltear le Rialachán (AE) 2022/2576 maidir le roinnt forálacha slándála soláthair agus dlúthpháirtíochta ~~le haghaidh~~ **i g**cás éigeandáil gháis chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar eagrú beart dlúthpháirtíochta fuinnimh i gcás éigeandála. ~~Lena~~ Le Caibidil IV **de Rialachán (AE) 2022/2576**, comhlánaíodh go sealadach Rialachán (AE) 2017/1938, ~~go háirithe~~ **go háirithe** tríd an sásra dlúthpháirtíochta a dhéanamh infheidhme mar réamhshocrú in éagmais comhaontuithe déthaobhacha, agus tríd an sásra dlúthpháirtíochta a leathnú chuig GNL agus chuig toirteanna criticiúla gáis le haghaidh leictreachais. Ina theannta sin, **foráiltear do bhearta sealadacha i Rialachán (AE) 2022/2576 chun tomhaltas neamhriachtanach custaiméirí atá faoi chosaint a laghdú agus do choimircí breise le haghaidh sreabha trasteorann** ~~cuireadh isteach foráil chun laghdú éilimh ó chustaiméirí faoi chosaint a éascú, chomh maith le beart chun sreafaí trasteorann a chosaint~~. Thángthas ar an gconclúid sa Tuarascáil gur léir go bhfuil na forálacha sealadacha maidir le slándáil an tsoláthair agus leis an dlúthpháirtíocht úsáideach ~~chun~~ **ó thaobh** géarchéim gháis a chosc agus a mhaolú, agus ~~chun~~ **i dtaca le** hiarrachtaí **a dhéanamh** chun an t-éileamh ar ghás a laghdú.

PUBLIC

(10) Is fíor fós conclúid na Tuarascála, **go príomha**, go bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ann i gcónaí maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh san Aontas. Tá staid dhomhanda an mhargaidh gáis fós an-docht. Tá praghsanna gáis fós i bhfad níos airde ná mar a bhí siad roimh an ngéarchéim agus tá iarmhairtí dosheachanta acu do chumhacht ceannaigh shaoránaigh an Aontais agus d'iomaíochas ghnólachtaí an Aontais. Gné eile den staid reatha is ea luaineacht sa mhargadh **gáis**. Léirítear le heachtraí luaineachta móire a tharla le déanaí **i rith an** tsamhraidh agus **san** fhómhar in 2023, arbh imeachtaí cosúil leis an stailc i saoráidí GNL na hAstráile nó suaitheadh idirnascaire Mhuir Bhailt is cúis leo, go bhfuil na margaí fós leochaileach, fiú maidir le suaití measartha beag ar éileamh agus ar sholáthar. Tá riosca geopholaitiúil mór breise ag baint leis an ngéarchéim leanúnach sa Mheánoirthear agus d’fhéadfadh tionchar a bheith aici ar phraghsanna agus ar an soláthar gáis. Faoi na dálaí sin, d’fhéadfaí freagairtí móra a spreagadh de bharr na heagla go mbeadh ganntanas ann agus d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith aige sin do phraghsanna.

(11) Mar gheall ar an laghdú mór ar allmhairí gáis píblíne na Rúise le bliain anuas, tá laghdú mór tagtha ar infhaighteacht **na** soláthairtí gáis don Aontas **i** gcomparáid **leis na leibhéil** a bhí ann roimh an ngéarchéim. Leis na leibhéil allmhairithe gáis píblíne atá ann faoi láthair, meastar go bhfaighidh an tAontas tuairim is 20 **billiún méadar ciúbach**~~bcm~~ d'allmhairí píblíne na Rúise, mura gcuirfear isteach go hiomlán ar na hallmhairí neamhiontaofa sin ar fad. Bheadh sé sin thart ar 110 **billiún méadar ciúbach**~~bcm~~ níos lú ná mar a bhí in 2021. Tá baol ann go dtarlóidh ganntanais gáis san Aontas mar gheall ar an laghdú sin.

PUBLIC

(12) Tá na margaí gáis domhanda an-docht faoi láthair agus meastar go bhfanfaidh siad ~~docht~~ **mar sin** go ceann tamaill. ~~Níor tháinig~~ **Níl** ach **méadú** beag **tagtha** ar an soláthar domhanda GNL le 2 bhliain anuas mar gheall ar bhreisithe teoranta acmhainneachta leachtaithe, éaradh ag saoráidí móra onnmhairiúcháin agus soláthar gáis beatha laghdaitheacha ag gléasraí GNL. Tá coinne leis nach mbeidh acmhainneacht mhór nua leachtaithe GNL **oibríochtúil** ~~ar líne~~ go dtí go mbeidh 2025 ann. Dá bhrí sin, **meastar** go mbeidh cothromaíochtaí margaidh fós neamhbhuan go luath amach anseo. Tá iarmhairtí diúltacha ag an staid sin do phraghsanna gáis, ar praghsanna iad, d'ainneoin iad a bheith níos ísle ná an buaicphraghas a bhí ann i samhradh 2022, atá fós níos mó ná dhá oiread níos airde **ná** na praghsanna a bhí ann roimh an ngéarchéim.

(13) I bhfianaise na ndálaí dochta margaidh atá ann faoi láthair, d'fhéadfadh praghsanna ardú go tobann arís **mar thoradh** ~~mar gheall~~ ar theagmhais dhothuartha agus suaití tobanna mar shampla téarnamh in éileamh na hÁise ar GNL, **rud a d'fhéadfadh** ~~laghdódh~~ infhaighteacht gháis ar an margadh gáis domhanda a laghdú, geimhreadh fuar a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le méadú suas le 30 **billiún méadar ciúbach** ~~bcm~~ ar an éileamh **ar ghás**, **dálaí** adhaimsire a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do stóráil hidreachumhachta agus do tháirgeadh núicléach mar gheall ar leibhéil ísle uisce~~, agus~~ **as a dtiocfaidh méadú** ina dhiaidh sin ar an éileamh ar ghiniúint cumhachta gásadhainte, suaití breise ar bhonneagair chriticiúla, ~~tar éis~~ **mar shampla** na gníomhartha sabaitéireachta i gcoinne phíblínte Nord Stream i mí Mheán Fómhair 2022 agus an tsuaite ar phíblíne idirnascaire Mhuir Bhailt i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus meath ar an timpeallacht gheopholaitiúil agus ar thimpeallacht na bagartha i réigiúin soláthair, mar shampla **i ngeall ar** an ngéarchéim sa Mheánoirthear.

(14) I bhfianaise an chomhardaithe chúng idir an soláthar agus an t-éileamh faoi láthair, d’fhéadfadh suaitheadh soláthar gáis measartha fiú, nó fiú bagairt na suaití sin, tionchar mór a bheith acu ar an margadh gáis, agus dochar tromchúiseach marthanach a dhéanamh don gheilleagar agus do shaoránaigh an Aontais.

(15) Mar gheall ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair, tá an tAontas uile neamhchosanta ar rioscaí a bhaineann le ganntanas fuinnimh agus praghsanna arda fuinnimh. Maidir leis na deacrachtaí tromchúiseacha leanúnacha a dhéanann difear fós do shlándáil an tsoláthair gáis san Aontas, agus le leibhéal na bpraghsanna gáis, féadfaidh tionchar **diúltach** a bheith acu ar an staid eacnamaíoch, ar an iomaíochas tionsclaíoch agus ar chumhacht ceannaigh na saoránach.

(16) Ós rud é gur margadh aonair é an tAontas, bheadh iarmhairtí tromchúiseacha ann do na Ballstáit uile mar gheall ar ghanntanas gáis i mBallstát amháin, is iad sin ganntanas fisiceach sa soláthar gáis, luaineacht praghsanna nó suaitheadh slabhraí tionsclaíocha mar gheall ar chiorrúcháin a d’fhéadfadh a bheith ann i dtionscadail shonracha i mBallstát. Thairis sin, de mheon na dlúthpháirtíochta, is féidir leis na Ballstáit uile rannchuidiú leis na rioscaí a bhaineann le ganntanas fuinnimh a laghdú agus, dá bhrí sin, an luaineacht i bpraghsanna gáis a shrianadh.

(17) Beart eisceachtúil a bhfuil teorainn ama leis is ea fadú thréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2576, mar fhreagairt ar dheacrachtaí tromchúiseacha leanúnacha nua maidir le soláthar fuinnimh, lena mbaineann baol go mbeidh géarchéim ann a d’fhéadfadh teacht chun cinn go tapa. Is léir go laghdóidh an fadú luaineacht na margaí agus go bhfeabhsóidh sé an dlúthpháirtíocht.

PUBLIC

(18) Tá práinn leis an ngá chun gníomhú. Mura gcuirfí síneadh le tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán 2022/2576, a scoirfidh d’fheidhm a bheith aige an 30 Nollaig 2023, bheadh an baol ann go n-athrófaí an staid chobhsaithe, ar staid leochaileach í, **atá** bainte amach ag an Aontas go dtí seo agus thiocfadh meath ar an athléimneacht i leith forbairtí is dócha a tharlóidh amach anseo mar shampla deireadh iomlán le hallmhairí gáis ón Rúis. Tá fadú ar thréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2576 comhsheasmhach freisin le ~~"~~**‘**Plean REPowerEU’’[6]**, mar a d’fhógair an Coimisiún sa teachtaireacht uaidh an 18 Bealtaine 2022,** arbh é is aidhm di saoránaigh an Aontais agus **an** geilleagar a chosaint ar phraghsanna iomarcacha agus ar ghanntanais soláthair fuinnimh.

(19) Leis an teannas leanúnach sa soláthar fuinnimh, tugtar bonn cirt le síneadh a chur le **tréimhse chur i bhfeidhm** na bhforálacha maidir le comhiomlánú éilimh agus ceannach comhpháirteach i Rialachán (AE) 2022/2576, toisc go gcabhraíonn siad le rochtain níos cothroime a áirithiú do ghnóthais ar fud na mBallstát ar fhoinsí gáis nua nó breise. Cuidíonn ~~siad~~ **na forálacha sin** freisin le dálaí níos fearr a áirithiú ná mar a d’fhéadfadh a bheith curtha i bhfeidhm murach sin maidir le gnóthais a cheannaíonn ~~an~~ gás trí úsáid a bhaint as an soláthraí seirbhíse, rud a rannchuidíonn le slándáil an tsoláthair.

(20) Dá gcuirfí síneadh le **tréimhse chur i bhfeidhm** na bhforálacha maidir le comhiomlánú éilimh agus ceannach comhpháirteach, neartófaí dlúthpháirtíocht an Aontais maidir le gás a cheannach agus a dháileadh. De mheon na dlúthpháirtíochta, tacóidh infhaighteacht fhadaithe an chomhiomlánaithe éilimh agus an cheannaigh chomhpháirtigh go háirithe leis na gnóthais sin nach raibh ag ceannach gás ach ó sholáthróirí Rúiseacha roimhe sin, nó a bhí ag ceannach gás ó sholáthróirí Rúiseacha go príomha, trí chabhrú leo soláthairtí a fháil ó sholáthróirí nó soláthraithe gáis nádúrtha malartacha i ndálaí buntáisteacha.

[6] ~~Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean REPowerEU, COM(2022) 230 final, 18.5.2022~~.

(21) Chun tacú le rannpháirtithe sa mhargadh ar feadh an gheimhridh seo agus **an** chéad séasúr líonta stórála gáis eile, ba cheart leanúnachas a áirithiú maidir le hoibriú ~~an tsásra um chomhiomlánú éilimh agus ceannach comhpháirteach (~~'AggregateEU~~')~~. Áirítear leis sin an fhéidearthacht síneadh a chur leis an gconradh atá ann faoi láthair leis an soláthraí seirbhíse i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 **ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**[7].

(22) I bhfianaise na mbuntáistí do thomhaltóirí, do chobhsaíocht praghsanna agus do chinnteacht an tsoláthair fuinnimh, tá bonn cirt freisin le síneadh a chur leis **an tréimhse cur i bhfeidhm** i ndáil le forálacha **Rialachán (AE) 2022/2576** lena mbunaítear sásra bainistíochta luaineachta ionlae agus measún**uithe** ar phraghsanna **GNL** agus tagarmharc GNL.

(23) I bhfianaise na rioscaí leanúnacha maidir le soláthairtí cobhsaí gáis a leagtar amach thuas, is iomchuí freisin síneadh bliana eile a chur le **tréimhse chur i bhfeidhm** na bhforálacha ~~maidir le cás~~ **i gcás** éigeandáil gháis ~~(Caibidil IV)~~ , i gcomhréir leis na torthaí maidir le héifeacht dhearfach na bhforálacha **sin** sa Tuarascáil. Beidh na luachanna le haghaidh toirteanna criticiúla gáis in Iarscríbhinn I fós bailí ar feadh thréimhse chur i bhfeidhm fadaithe Rialachán **<u>(AE) 2022/2576</u>** go dtí deireadh 2024.

PUBLIC

[7] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj).

(24) Ba cheart cur i bhfeidhm ~~leathnaithe~~ **fadaithe** Rialachán (AE) 2022/2576 a bheith sealadach agus **agus**~~,~~ ba cheart dó teacht i bhfeidhm an 31 Nollaig 2023 chun a áirithiú go leanfar de na forálacha ábhartha a chur i bhfeidhm, agus ba cheart dó maireachtáil ar feadh bliain amháin, ~~is é sin~~ go dtí an 31 Nollaig 2024. Tá an fadú bliana amháin riachtanach agus comhréireach mar gheall ar chineál marthanach na ndeacrachtaí tromchúiseacha do sholáthairtí fuinnimh agus na rioscaí a eascraíonn as sin do phraghsanna agus do chinnteacht an tsoláthair a mheastar a leanfaidh ar aghaidh ar feadh 2024 ar a laghad. **Agus é á chur san áireamh go raibh toirteanna an gháis arna gcomhiomlánú tríd an ardán <u>comhiomlánaithe éilimh faoi mhí Dheireadh Fómhair 2023 tar éis trí oiread na dtoirteanna is gá a bhaint amach cheana féin,</u>** agus le ~~síneadh a chur le~~ fadú thréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2576, níor cheart ~~aon oibleagáidí breise a thabhairt isteach seachas an síneadh sealadach, go háirithe maidir le bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit chun~~ an rannpháirtíocht **éigeantach** i gcomhiomlánú éilimh **a áireamh.**

(25) Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2022/2576 go dtí an 31 Nollaig 2024.

(26) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(27) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2022/2576 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

PUBLIC

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2022/2576**

Leasaítear Rialachán (AE) 2022/2576 mar a leanas:

**(1) In Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ~~an cúigiú~~ mhír 5:**

**'Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an soláthraí seirbhíse an fhaisnéis uile is gá a sholáthar chun na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 7 a chomhlíonadh.';**

**(2) Scriostar Airteagal 10;**

(~~1~~**3**) In Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

'Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2024.'**;**

(~~2~~**4**) ~~In~~ **Leasaítear** Iarscríbhinn I **mar a leanas:**

**(a) i gcuid (a)**, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (1):

Tá na figiúirí in Iarscríbhinn I, codanna (a) agus (b), bunaithe ar shonraí ón measúnú leordhóthanachta geimhridh de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/941 a rinne Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tharchurtha Leictreachais (ENTSO-E), ach amháin i gcás Mhálta a bhfuil a ghiniúint leictreachais ag brath go heisiach ar sheachadtaí GNL agus nach bhfuil aon acmhainn shuntasach stórála aige. I bhfianaise shainiúlacht an gháis chalraigh ísil, ba cheart luachanna na hÍsiltíre sa tábla seo a iolrú faoi fhachtóir coinbhéartachta 37,89 arna roinnt ar 35,17. In Iarscríbhinn I, cuid (a), léirítear na toirteanna míosúla aonair arna ríomh ag ENTSO-E le haghaidh na míonna ó mhí na Nollag 2022 go dtí mí an Mhárta 2023; léirítear sna figiúirí in Iarscríbhinn I, cuid (b), le haghaidh na míonna Aibreán 2023 go Nollaig 2024 meán na luachanna sa tréimhse idir mí na Nollag 2022 agus mí an Mhárta 2023.'**;**

(~~3~~**b**) **i gcuid (b)**~~ In Iarscríbhinn I (b)~~, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ~~na chéad abairte~~ **an cheannteidil**:

'Toirteanna gáis criticiúla uasta le haghaidh slándáil soláthair leictreachais de bhun Airteagal 23 don tréimhse ó Aibreán 2023 go mí na Nollag 2024 (luachanna i milliún méadar ciúbach):'**.**

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm ~~agus cur i bhfeidhm~~**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 31 Nollaig 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/i/sa ~~Bhruiséil~~**…, …**

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC